

An tAontas Eorpach agus an Ghaeilge - caomhnú na héagsúlachta teanga

Seán Ó Riain, an Bhruiséil (www.seanoriain.eu), Gaeltacht Europe, 16.6.2007

Cuid a I: Cad atá ag tarlú ag leibhéal na hEorpa?

A – Tacaíocht oifigiúil an Aontais Eorpaigh/AE don ilteangachas, 23 theanga oibre, Coimisinéir don Ilteangachas ó 1.1.2007. Chun leasa na Gaeilge anois.

B – Príomh-bhagairt don ilteangachas: fás as cuimse ar úsáid an Bhéarla, léirithe ag, m.sh. “*English-Only Europe?*” leis an Ollamh Robert Phillipson, 2003.

- a) Feabhra 2002: Cead ag páistí Sasanacha éirí as teanga iasachta ag aois 14.
- b) Meán Fómhair 2005: Taispeánann tuairisc GRIN¹ go dtugann ceannas idirnáisiúnta an Bhéarla € 17 billiún sa bhliain go Sasana, 4% de sin go hÉirinn. *Mhol Michael Gahler MEP laghdú ar líon na Sasanach is na nGael a bheadh ag obair sna forais Eorpacha, mar chúiteamh ar bhuntáiste míchothrom na mBéarlóirí as a dteanga a bheith mar lingua franca an AE.*
- c) 26 Márta 2007: Molann Leas-Phríomh-Aire na Slováice Čaplovič d’Airí Gnóthaí Eachtracha an AE go bpléifí beartas teanga an AE ag leibhéal idir-rialtasach.
- d) 22 Bealtaine 2007: Tacaíonn Aire Iodálach do Ghnóthaí Eorpacha Emma Bonino go poiblí leis an moladh Slováicach ag comhdháil sa Bhruiséil.
- e) 9 Bealtaine 2007: Molann buaiteoir Dhuais Nobel, an tOllamh Reinhard Selten ó Ollscoil Bonn, gur cheart go n-aontódh cuid de thíortha an AE gurb í Esperanto an chéad teanga iasachta feasta ina gcuid scoileanna, chun foghlaim na dteangacha a fheabhsú, mar “*tá a thionchar chun foghlaim na dteangacha a éascú chomh láidir gur tapúla a fhoghlaimítear teanga eile mar sin ná tríd an teanga sin amháin a mhúineadh*”.²

Cuid a 2: Stádas nua na Gaeilge san AE

- a) Cinneadh Chomhairle na nAirí an 13.6.2005, i bhfeidhm an 1.1.2007.
- b) Úsáideadh an Ghaeilge sa Chomhairle an 22.1.2007 – 13 uair faoi 30.6.07.

Cuid a 3: Fadhb thromchúiseach i múineadh na Gaeilge

a) **Tuairisc Harris 1984:** bhain 30.4% na ndaltaí sna “gnáth”-bhunscoileanna an leibhéal inmhianaithe (máistreacht) Gaeilge amach.

b) **Tuairisc Harris 2006:** “Bíodh is go ndéanann tromlach na ndaltaí ar a laghad íos-dhul chun cinn, thit an céatadán a bhaineann máistreacht amach anois go mór ó lár na 1980-óidí.” (lch 162). “... laghdú 20.4% sa líofacht cainte agus 21.1% sa chuspóir Cumarsáid (dara grad) (lch 75).

¹ Buntuairisc, as Francís, ag http://cisad.adc.education.fr/hcee/documents/rapport_Grin.pdf.

Achoimre 1-leathanaigh in 22 theanga, an Ghaeilge ina measc, ag <http://lingvo.org/grin/>.

²Téacs iomlán, as Gearmáinis, ag <http://www.liberafolio.org/2007/seltendeutsch>. Sleachta as, in 22 theanga, ag http://www.europarl.europa.eu/news/expert/infopress_page/011-6466-129-05-19-902-20070507IPR06397-09-05-2007-2007-true/default_en.htm

Is léir uaidh sin go bhfuil fadhb thromchúiseach again, agus nach acmhainn dúinn failí a dhéanamh in aon mhodh múinte a d'fhéadfadh an fhadhb a réiteach.

Cuid a 4 – An gcabhródh an cur chuige “propédeutique” le múineadh na Gaeilge?

- a) “propédeutique”: Glactar leis go ginearálta go gcabhraíonn aon dara teanga a fhoghlaimítear go críochnúil le foghlaim na dteangacha ina dhiaidh sin – aistrítear scileanna teanga-fhoghlama. Mar shampla, tá an “*Biberacher Modell*” – úsáid na Laidne chun múineadh na dteangacha a fheabhsú - i 60 meánscoil i mBaden-Württemberg (FAZ, 30.12.2006) na Gearmáine.
- b) **Is cosúil go bhfuil an cháilíocht seo níos forbartha san Esperanto, agus cosúil gur mó fós a chabhraíonn sé le daltaí laga.** Léirigh sraith turgnamh ó 1918 1918³ i dtíortha mar SAM (Ollscoil Colombia, Nua Eabhrac, 1920-aidí), Sasana (University of Sheffield, 1950-aidí), An Ungáir (Ollscoil Eötvös Loránd, Budapest, 1960-aidí), an Ghearmáin (Ollscoil Paderborn, 1970-aidí), an Astráil (Ollscoil Monash 1990-aidí). Cén fáth nár úsáideach an modh múinte seo níos forleithne? Cén fáth gur thóg sé 200 bliain don chóras méadrach leathnú ar fud an domhain?⁴
- c) **Ollscoil Paderborn:** Fuair Grúpa A 800 uair an chloig Béarla thar 5 bliana. B’ionann leibhéal Béarla Ghrúpa B tar éis 104 uair an chloig Espeanto agus 635 uair an chloig Béarla.
- d) “**Springboard2Languages**”⁵: Ó mhí Mheán Fómhair 2006, tá 110 dalta in 2 bhunscoil Shasanacha ag foghlaim Esperanto “propédeutique”, faoi stiúir Ollscoil Manchester.
- e) **Cén fáth Esperanto?** 1) Rialtacht; 2) Trédhearcacht; 3) Idirnáisiúnachas.
- f) **Smidéliusz 1995:** “Dá éagsúla an teanga dhúchais (L1) is an sprioctheanga (L3), agus dá chosúla an sprioctheanga d’Esperanto, is amhlaidh is éifeachtaí an réamhullmhúchán foghlama (propedeutic).”
- g) An **Dr. Eoghan Mac Éinrí**, Stiúrthóir Lárionad Eolais ar Mhúineadh na dTeangacha, Ollscoil na Ríona, Béal Feirste⁶: “*Mholfainnse féin mar smaoineamh, Gaeilge agus Bearla sa bhunscoil, agus, nuair is féidir é, Esperanto mar tríú teanga, sa dóigh is go mbeidh réamhullmhúchán foghlama teanga foirsteanach ag na daltaí.*”

Tá an **Vicipéid** ann in 253 teanga anois

Gaeilge (86ú háit – 5,169 alt) - <http://ga.wikipedia.org>

Esperanto (15ú háit – 87,977 alt) - <http://eo.wikipedia.org>

³ http://www.springboard2languages.org/documents/springboard_rationale.pdf

⁴ Ghlac an Fhrainc leis an gcóras méadrach sa bhliain 1791; tá 3 thír nár ghlac leis fós: SAM, an Libéir agus Myanmar.

⁵ www.springboard2languages.org

⁶ Comhdháil Oideachais Chonradh na Gaeilge i gColáiste na Tríonóide an 12 Meán Fómhair 2006, téacs iomlán na cainte a thug an Dr. Mac Éinrí le fail ag www.cnag.ie.